

## **Miontuairiscí**

### **Cruinniú Thoscaireacht Aosdána**

**1.00 pm – 3.00 pm, an 7 Feabhra 2019 ag an gComhairle Ealaíon, 70 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2**

#### **I láthair**

Michael Holohan (Cathaoirleach); Cathy Carman; Anne Haverty; Thomas McCarthy; Samuel Walsh; Bob Quinn; Eamon Colman

#### **Ag an gcruinniú**

Karen Hennessy (Cláraitheoir Aosdána)

#### **Leithscéal ó**

Vincent Woods, Rhona Clarke, Geraldine O'Reilly

### **Miontuairiscí ón gcruinniú deiridh agus nithe a tháinig chun cinn**

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe a reáchtáladh ar an 7 Samhain. Pléadh na miontuairiscí agus an obair leantach ón gcruinniú a reáchtáladh ar an 19 Deireadh Fómhair maidir le hainmniúcháin. Chuir an Cláraitheoir an obair leantach maidir le hainmniúcháin i gcrích.

### **Toghadh an tSaoi - An Scéal is Déanaí**

Is é an spriocdháta le vóta a chaitheamh sa toghchán Saoi an 20 Feabhra. Fuarthas 88 vóta poist agus 18 vóta ríomhphoist go dtí seo. Níor osclaíodh aon chlúdach litreach go dtí seo.

Scaipfidh an Cláraitheoir meabhrúchán chuig comhaltaí i lár na seachtaine dar tús an 11 Feabhra. Tugadh le fios gur fearr le comhaltaí an bhallóid poist ná an bhallóid ríomhphoist agus nár chaith ach thart ar 50 comhalta vóta trí ríomhphost. Ní chaitear an vóta ríomhphoist faoi rún agus tá an seans ann gur bac é sin. Pléadh an luach a bhainfeadh le vóta poist amháin. Caitear vóta poist faoi rún. D'fhéadfaí an clúdach litreach a dhearadh le go léireofaí an torc, siombail Aosdána agus an tSaoi, air. Meastar go gcaithfear 150 vóta ar a laghad a fháil ar ais le toradh dearfach de 123 vóta a fháil. Bhí plé ann ina dhiaidh sin maidir leis an gCúirt Uachtarach a úsáid chun ainm a chur le toradh an toghcháin. Ní tharlaíonn sé sin níos mó. Bronnann na Comhaltaí féin an onóir faoi láthair.

Bíonn an searmanas ag brath ar an duine ainmnithe faoi láthair agus reáchtáladh é ag teach an duine ainmnithe agus ag oifigí na Comhairle Ealaíon go dtí seo. I ngach cás, is é Uachtarán na hÉireann a bhronnann an onóir ar an Saoi. D'eagraigh an Chomhairle Ealaíon fáiltiú in ómós do Samuel Beckett sa bhliain 1986. D'fhreastail nia Beckett, Caroline Murphy, ar an

ó cáid thar ceann Beckett agus bhí lón ag Óstán an Berkeley mar chuid den searmanas. Tugadh cuireadh don Taoiseach, Garret Fitzgerald, freisin agus thug sé aitheasc.

Aontaíodh go ndéanfaidh Eamon Colman na vótaí don Saoi a chomhaireamh leis an gCláráitheoir ar an 21 Feabhra i ndiaidh an spriocdháta ar an 20 Feabhra.

### **An tUachtarán mar Phátrún**

Deimhníodh Uachtarán na hÉireann mar Phátrún Aosdána agus cuirtear é sin in iúl ar an suíomh gréasáin reatha. Luafar ar an suíomh gréasáin nua é chomh maith.

### **An Tionól Ginearálta, Corcaigh, Aibreán 2019 – An tEolas is Déanaí**

Chuir an Cláráitheoir an scéal is déanaí in iúl maidir le Dámhachtain Anthony Cronin i gcomhthéacs an Tionóil Ghinearálta. Bhí an freagra a fuarthas i leith na Dámhachtana seo dearfach. Cuir iarrthóirí láidre isteach uirthi. Déanfaidh an Toscaireacht machnamh ar an duine a bhronnfaidh an Dámhachtain ag an Tionól Ginearálta i gCorcaigh agus cuirfidh siad an Cláráitheoir ar an eolas maidir leis na socruithe is oiriúnaí.

Pléadh an sceideal don ghlaó ar bhuan-orduithe/mhíreanna don chlár oibre agus an vóta ballóide disciplín. Cinneadh go bhfanfar go dtí an 20 Feabhra agus go deireadh bhallóid an tSaoi sula n-eiseofar vóta ballóide disciplín, ionas nach gcuirfear mearbhall ar na comhaltaí. Eiseoidh an Cláráitheoir an glao ar bhuan-orduithe an tseachtain dar tús an 11 Feabhra. Shonraigh an Cláráitheoir scála ama agus glacadh leis. Pléadh go bhféadfar roinnt de na rúin a chur san áireamh mar chuid den seisiún ar maidin le go mbeadh am ann le linn an tseisiúin san iarnóin le haghaidh ceoil mar aon le fógairt na gcomhaltaí nua agus fógairt faoi Dhámhachtain Anthony Croinin. Déanfaidh an Cláráitheoir an páipéar ballóide a nuashonrú le go mbeidh an mharcáil air soiléir agus eiseofar an vóta ballóide disciplín i ndiaidh an 21 Feabhra.

Pléadh an taighde staidrimh a rinne an Cláráitheoir don ghrúpa oibre. Aontaíodh go gcuirfidh an Cláráitheoir torthaí an taighde seo i láthair i mbealach soiléir agus físiúil mar chuid den seisiún ar maidin.

Rinneadh athbhreithniú ar an mbreac-chuntas a d'ullmhaigh an Cláráitheoir don 4 agus don 5 Aibreán. Aontaíodh go leasófar an focal 'léamha' chuig 'cur i láthair' le rogha a chur ar fáil d'amharc-ealaíontóirí amach anseo le láithreoireacht a dhéanamh. Aontaíodh gur cheart do Rhona Clarke dul i mbun caidrimh le UCC maidir leis an gclár ceoil. Pléadh leagan amach an tseomra agus aontaíodh go ndéanfaidh an Cláráitheoir teagmháil le UCC chun meascán de bhoird agus cathaoireacha agus cathaoireacha a bhfuil boird ar a dtaobh a fháil, ionas go mbeadh suíochán de 110/120 duine sa seomra. Tá suíochán ann do 150 comhalta sa seomra le leagan amach amharclannaíochta amháin ann agus féadfar 70 suíochán poiblí a chur isteach chomh maith ag brath ar an spás ina gcuirfear caife agus tae ar fáil ag bun an

tseomra. Laghdaítear líon na suíochán go 80 nuair a dhéantar é a leagan amach le boird agus cathaoireacha, agus níl aon spás ann don phobal faoin leagan amach seo ach oiread

### **Comhaid Rialtais 1981, An Chartlann Náisiúnta**

Bogadh an mhír seo.

### **Tuairisc ó chruinniú an Ghrúpa Oibre a reáchtáladh ar an 21/1/2019**

Bogadh an mhír seo.

#### **Aon Ghnó Eile**

Chuir Samuel Walsh in iúl go bhfuil an seans ann go mbeidh air éirí as a ról ar an Toscaireacht le linn shamhradh 2019 ar chúinsí pearsanta, agus d'fhéadfadh go mbeidh ar an Toscaireacht duine a fháil chun a áit a líonadh. Níl sé cinnte faoi na dátaí go fóill agus coinneoidh sé an Toscaireacht ar an eolas faoi.

#### **Seisiún Príobháideach**

Seisiún do na Toscairí.

#### **Obair leantach**

Scaipfidh an Cláráitheoir meabhrúchán chuig Comhaltaí mar gheall ar thoghchán an tSaoi faoi lár na seachtaine dar tús an 11 Feabhra.

Déanfaidh an Cláráitheoir na vótaí a chomhaireamh le Eamon Colman ar an 21 Feabhra.

Rachaidh an Cláráitheoir i mbun caidrimh leis an Toscaireacht maidir le cé a bhronnfaidh Dámhachtain Anthony Cronin ag an Tionól Ginearálta.

Cuirfidh an Cláráitheoir cur i láthair físiúil le chéile ar na sonraí staidrimh agus ar an anailís a rinneadh don ghrúpa oibre ag an Tionól Ginearálta.

Déanfaidh an Cláráitheoir teagmháil le UCC chun meascán de bhoird agus cathaoireacha agus cathaoireacha a bhfuil boird ar a dtaobh a fháil don Aula Maxima.

Eiseoidh an Cláráitheoir glao ar bhuan-orduithe an tseachtain dar tús an 11 Feabhra.

Reáchtálfaidh an Cláráitheoir vóta ballóide disciplín i ndiaidh an 21 Feabhra.

#### **Glacadh le tráthchlár d'ullmhú cáipéisíochta don Tionól Ginearálta.**

12-Fea-19	Eiseofar an glao ar rúin agus ar mhíreanna don chlár oibre
25-Fea-19	Spríodhata le rúin a chur isteach
21-Fea-19	Eiseofar páipéir bhallóide maidir le disciplín (DÚNFAR AN BHALLÓID DON SAOI AR AN 20 FEABHRA) (cuirfear meabhrúchán maidir leis an spríodhata don ghlaog ar rúin leis)
14-Már-19	Spríodhata don Bhallóid Dhisiplín

15-Már-19

Comhaireamh na vótaí maidir le disciplín agus cruinniú den  
Toscaireacht le rúin agus clár oibre a shocrú don Tionól Ginearálta

18-Már-019

Eiseofar páipéir an Tionóil Ghinearálta

05-Aib

An Tionól Ginearálta